# ÉIRE.

STATUTORY RULES AND ORDERS.

**1940. No. 309.**

---

# INSTITUTE FOR ADVANCED STUDIES (SCHOOL OF THEORETICAL PHYSICS) ESTABLISHMENT ORDER, 1940.

DUBLIN:
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE.

To be purchased directly from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALES OFFICE, 3-4 COLLEGE STREET, DUBLIN.
or through any Bookseller.

*Price Fivepence.*

**(P. No. 4398.)**

ÉIRE.

RIALACHA AGUS ORDUITHE REACHTULA.

1940. UIMH. 309.

# ORDU BUNUCHAIN UM INSTITIUID ARD-LEIGHINN (SCOIL NA FISICE TEOIRICIULA), 1940.

## RIAR NA nAIRTEAGAL.

AIRTEAGAL.

1. Gearr-theideal.
2. Mínithe.
3. An Scoil do bhunú.
4. Feidhmeanna agus dualgaisí na Scoile.
5. An Bord Rialúcháin.
6. Ballraíocht an Bhúird Rialúcháin.
7. Sealbhaíocht oifige ball áirithe den Bhord Rialúcháin.
8. Fo-fholúntaisí in oifig chathaoirligh an Bhúird Rialúcháin.
9. Baill den Bhord Rialúcháin d'eirghe as oifig.
10. Baill den Bhord Rialúcháin do chur as oifig.
11. Ollamhain Sinsearacha do cheapadh agus do chur as oifig.
12. Sealbhaíocht oifige, etc., Ollamhan Sinsearach.
13. Cruinnithe agus nós imeachta an Bhúird Rialúcháin.
14. Stiúrthóir na Scoile.
15. Baill den Fhuirinn Acadamhúil do cheapadh agus do chur as oifig.
16. Mic léighinn do ghlacadh isteach sa Scoil agus do chur amach aisti.
17. Léigheachtaí do thabhairt.
18. Scoláireachtaí.
19. Staidéarachtaí.
20. Tuarasgabháil bhliantúil ón mBord Rialúcháin.



ÉIRE.

STATUTORY RULES AND ORDERS.

1940. No. 309.

# INSTITUTE FOR ADVANCED STUDIES (SCHOOL OF THEORETICAL PHYSICS) ESTABLISHMENT ORDER, 1940.

## ARRANGEMENT OF ARTICLES.

ARTICLE.

1. Short title.
2. Definitions.
3. Establishment of the School.
4. Functions and duties of the School.
5. The Governing Board.
6. The membership of the Governing Board.
7. Tenure of office of certain members of the Governing Board.
8. Casual vacancies in the Governing Board.
9. Resignation of members of the Governing Board.
10. Removal of members of the Governing Board.
11. Appointment and removal of Senior Professors.
12. Tenure of office, etc., of Senior Professors.
13. Meetings and procedure of the Governing Board.
14. The Director of the School.
15. Appointment and removal of members of the academic staff.
16. Admission and dismissal of students.
17. Delivery of lectures.
18. Scholarships.
19. Studentships.
20. Annual report by the Governing Board.

# ÉIRE.

## RIALACHA AGUS ORDUITHE REACHTULA.

1940. UIMH. 309.

## ORDU BUNUCHAIN UM INSTITIUID ARD-LEIGHINN (SCOIL NA FISICE TEOIRICIULA), 1940.

DE BHRÍ go n-achtuítear le fo-alt (1) d'alt 4 den Acht um Institiúid Ard-Léighinn, 1940 (Uimh. 13 de 1940), go *ndéanfaidh* an Riaghaltas, chó luath agus bheidh caoi ann chuige sin tar éis an Achta san do rith, Có-Scoil d'Institiúid Ard-Léighinn Bhaile Atha Cliath do bhunú dá ngairmfear Scoil na Fisice Teoiriciúla no (i mBéarla) *the School of Theoretical Physics* :

AGUS DE BHRÍ go n-achtuítear le fo-alt (1) d'alt 6 den Acht san gur le hOrdú (dá ngairmtear ordú bunúcháin san Acht san) ar n-a dhéanamh ag an Riaghaltas, agus é do réir na bhforálacha den Acht san a bhaineann leis an gcéanna, a bunófar gach Có-Scoil fé leith den Institiúid sin :

ANOIS, i bhfeidhmiú na gcomhacht do bheirtear dóibh leis an Acht um Institiúid Ard-Léighinn, 1940 (Uimh. 13 de 1940), agus i bhfeidhmiú gach comhachta agus aon chomhachta eile le n-a gcuirtear so ar a gcumas, orduíonn an Riaghaltas leis seo mar leanas :—

*al.* 1. Féadfar an tOrdú Bunúcháin um Institiúid Ard-Léighinn (Scoil na Fisice Teoiriciúla), 1940, do ghairm den Ordú so.

*le.* 2. San Ordú so—

cialluíonn an abairt "an tAire" an tAire Oideachais,

cialluíonn an abairt "an tAcht" an tAcht um Institiúid Ard-Léighinn, 1940 (Uimh. 13 de 1940),

cialluíonn an abairt "an Scoil" Scoil na Fisice Teoiriciúla ar n-a bunú leis an Ordú so,

cialluíonn an abairt "an Bord Rialúcháin" Bord Rialúcháin na Scoile ;

cialluíonn an abairt "Ollamh Sinsearach" Ollamh Sinsearach den Scoil.

*oil únú.* 3. Bunuítear leis seo Có-Scoil d'Institiúid Ard-Léighinn Bhaile Atha Cliath dá ngairmfear Scoil na Fisice Teoiriciúla no (i mBéarla) *the School of Theoretical Physics* :

*na dual-na* 4. Isiad feidhmeanna agus dualgaisí na Scoile ná—

(*a*) prinsiobail mhatamaiticeacha na feallsúnachta nádúrtha do scrúdú agus na prinsiobail sin do chur i bhfeidhm ar an ngrúpa fisiceach agus ceimiceach de sna heolaíochta agus ar an ngeoifisic agus ar an domhan-eolaíocht ;



# ÉIRE.

## STATUTORY RULES AND ORDERS.

1940. No. 309.

## INSTITUTE FOR ADVANCED STUDIES (SCHOOL OF THEORETICAL PHYSICS) ESTABLISHMENT ORDER, 1940.

WHEREAS it is enacted by sub-section (1) of section 4 of the Institute for Advanced Studies Act, 1940 (No. 13 of 1940), that, as soon as conveniently may be after the passing of that Act, the Government shall establish a Constituent School of the Dublin Institute for Advanced Studies to be known as Scoil na Fisice Teoiriciúla or (in English) the School of Theoretical Physics :

AND WHEREAS it is enacted by sub-section (1) of section 6 of the said Act that every Constituent School of the said Institute shall be established by means of an Order (in the said Act referred to as an establishment order) made by the Government and complying with the provisions of the said Act applicable thereto :

NOW, the Government, in exercise of the powers conferred on them by the Institute for Advanced Studies Act, 1940 (No. 13 of 1940), and of every and any other power them in this behalf enabling, do hereby order as follows :—

1. This Order may be cited as the Institute for Advanced Studies (School of Theoretical Physics) Establishment Order, 1940. **Short title.**

2. In this Order— **Definitions.**

the expression "the Minister" means the Minister for Education,

the expression "the Act" means the Institute for Advanced Studies Act, 1940 (No. 13 of 1940),

the expression "the School" means the School of Theoretical Physics established by this Order,

the expression "the Governing Board" means the Governing Board of the School,

the expression "Senior Professor" means a Senior Professor of the School.

3. There is hereby established a Constituent School of the Dublin Institute for Advanced Studies which shall be known as Scoil na Fisice Teoiriciúla or (in English) the School of Theoretical Physics. **Establishment of the School.**

4. The functions and duties of the School shall be— **Functions and duties of the School.**

(*a*) the investigation of the mathematical principles of natural philosophy and the application of those principles to the physical and chemical group of sciences and to geophysics and cosmology ;

**The version of this Order *in the Irish language*, prepared officially, is printed on the opposite pages.**

(*b*) mic léighinn árd-chúrsa d'oiliúint i modhanna taighde bhunúil sa ghrúpa san de sna heolaíochta agus sa ngeoifisic agus sa domhan-eolaíocht ;

(*c*) saoráidí, chun árd-staidéar agus taighde do dhéanamh sa bhfisic theoiriciúil, do chur ar fáil d'ollamhain agus do léigheachtaithe ollscoile bheidh ar saoire o n-a ndualgaisí acadamhúla ;

(*d*) seimináir agus cóchomhairlí agus léigheachta, maidir le cúrsaí bhaineann leis an bhfisic theoiriciúil agus atá ar fhoirimeall an eolais, do bhunú ;

(*e*) tuarasgabhála ar eolas nua i réim na fisice teoiriciúla, agus go sonnrách tuarasgabhála ar eolas nua den tsórt san do gheobhfar de thoradh obair eolaíochta na Scoile, d'ullamhú agus do mholadh do Chomhairle na hInstitiúide chun a bhfoillsithe ;

(*f*) a chur mar chúram ar scoláirí inniúla, pé aca bheidh baint aca leis an Institiúid no ná beidh, a ghabháil de láimh oibreacha ar an bhfisic theoiriciúil do scríobhadh no d'eagrú agus san ar luach saothair no dá éamais ;

(*g*) na feidhmeanna agus na dualgaisí eile sin, maidir leis an bhfisic theoiriciúil, a chinnfidh an Bord Rialúcháin o am go ham.

An Bord Rialúcháin.

5.—(1) Beidh an Scoil fé rialú agus fé bhainistighe Bhord Rialúcháin na Scoile.

(2) Beidh comhacht ag an mBord Rialúcháin chun obair na Scoile do sheoladh agus do rialú agus chun scéimeanna staidéir agus taighde do cheapadh agus iad do chur i bhfeidhm no socrú dhéanamh chun iad a chur i bhfeidhm, agus chun na nithe eile sin do dhéanamh is gá chun na scoile do stiúradh agus d'oibriú go héifeachtúil do réir an Achta agus an Orduithe seo.

Ballraíocht an Bhúird Rialúcháin.

6.—(1) Isiad a bheidh ar an mBord Rialúcháin ná na baill seo leanas, sé sin le rá :—

(*a*) cathaoirleach,

(*b*) na hOllamhain Sinsearacha,

(*c*) an méid sin daoine (dá ngairmtear baill cheaptha san Ordú so) a mheasfaidh an tUachtarán o am go ham, ar chomhairle an Riaghaltais agus fé réir forálacha an Airteagail seo, do bheith ceart.

(2) Isé an tUachtarán a dhéanfaidh cathaoirleach agus baill cheaptha an Bhúird Rialúcháin do cheapadh, agus is ar chomhairle an Riaghaltais a dhéanfaidh san.

(3) An chéad cheapadh bheidh le déanamh, chun cathaoirleach agus baill cheaptha an Bhúird Rialúcháin do cheapadh, is chó luath agus a bheidh caoi ann chuige sin tar éis dáta an Orduithe seo a déanfar é, agus, gach ceapadh bheidh le déanamh ina dhiaidh sin chun an cathaoirleach agus na baill cheaptha do cheapadh, is i gcionn tréimhsí de chúig bliana déanfar iad de ghnáth, ach beidh san gan dochar do chomhacht an Uachtaráin chun ball ceaptha do cheapadh, ar chomhairle an Riaghaltais, tráth ar bith eile.



(*b*) the training of advanced students in methods of original research in the said group of sciences and in geophysics and cosmology ;

(*c*) the provision of facilities for advanced study and research in theoretical physics for university professors and lecturers on leave of absence from their academic duties ;

(*d*) the organisation of seminars, conferences, and lectures on topics related to theoretical physics which lie on the frontiers of knowledge ;

(*e*) the preparation and the recommendation to the Council of the Institute for publication of descriptions of recent accessions to knowledge in the sphere of theoretical physics and in particular descriptions of such accessions resulting from the scientific activities of the School ;

(*f*) the commissioning of competent scholars, whether associated or not associated with the Institute, to undertake, either with or without remuneration, the writing or the editing of works dealing with theoretical physics ;

(*g*) such other functions and duties in relation to theoretical physics as may from time to time be decided on by the Governing Board.

**The Governing Board.**

5.—(1) The School shall be under the control and management of the Governing Board of the School.

(2) The Governing Board shall have power to direct and control the work of the School and to frame and carry out or provide for the carrying out of schemes of study and research, and to do such other things as may be necessary for the efficient conduct and working of the School in accordance with the Act and this Order.

**The membership of the Governing Board.**

6.—(1) The Governing Board shall consist of the following members, that is to say :—

(*a*) a chairman,

(*b*) the Senior Professors,

(*c*) such number of persons (in this Order referred to as appointed members) as the President, on the advice of the Government, shall from time to time, subject to the provisions of this Article, think proper.

(2) The chairman and the appointed members of the Governing Board shall be appointed by the President on the advice of the Government.

(3) The first appointment of the chairman and of the appointed members of the Governing Board shall be made as soon as conveniently may be after the date of this Order and subsequent appointments of the chairman and of the appointed members shall normally be made at quinquennial intervals, but without prejudice to the power of the President, on the advice of the Government, to make an appointment of an appointed member at any other time.

(4) Gach ceapadh cinn chúig mblian a déanfar ag ceapadh cathaoirligh agus ball ceaptha an Bhúird Rialúcháin, déanfar é, i gcás an chéad cheaptha den tsórt san, tráth nach déanaighe ná an 31adh lá de Mhárta, 1945, agus déanfar é, i gcás gach ceaptha den tsórt san ina dhiaidh sin, tráth nach déanaighe ná an lá is lá oiriúnach cinn cúig mblian an dáta san.

(5) Ní bheidh uimhir bhall an Bhúird Rialúcháin fé bhun cúig ná os cionn dó-dhéag tráth ar bith, agus ní bheidh uimhir na mball ceaptha fé bhun uimhir na nOllamhan Sinsearach tráth ar bith.

**Sealbhaíocht oifige ball áirithe den Bhord Rialúcháin.**

7.—(1) Mara n-éagaidh, no mara n-eirighidh as oifig, no mara gcuirtear é as oifig, roimhe sin, beidh gach duine ceapfar, ag an gcéad cheapadh tar éis an Orduithe seo do dhéanamh, chun bheith ina chathaoirleach ar an mBord Rialúcháin, no chun bheith ina bhall cheaptha den chéanna, i seilbh oifige o dháta a cheaptha go dtí an 31adh lá de Mhárta, 1945, agus beidh sé ion-athcheaptha.

(2) Mara n-éagaidh, no mara n-eirighidh as oifig, no mara gcuirtear é as oifig, roimhe sin, beidh gach duine ceapfar, ag ceapadh cinn chúig mblian, chun bheith ina chathaoirleach ar an mBord Rialúcháin, no chun bheith ina bhall cheaptha den chéanna, i seilbh oifige ón gcéad 1adh lá d'Abrán tar éis dáta a cheaptha go ceann na céad tréimhse ina dhiaidh sin, de sna tréimhsí de chúig bliana tar éis an 31adh lá de Mhárta, 1945, agus beidh sé ion-athcheaptha.

(3) Mara n-éagaidh, no mara n-eirighidh as oifig, no mara gcuirtear é as oifig, roimhe sin, beidh gach ball ceaptha, nach ag an gcéad cheapadh ná ag ceapadh cinn chúig mblian a ceapfar é, i seilbh oifige go dtí an 31adh lá de Mhárta, 1945, no go dtí deireadh na tréimhse de chúig bliana gur le n-a linn do ceapadh é (do réir mar is gá sa chás), agus beidh sé ion-athcheaptha.

**Fo-fholúntaisí in oifig chathaoirligh an Bhúird Rialúcháin.**

8.—(1) Pé uair éagfaidh cathaoirleach an Bhúird Rialúcháin no eireoidh as oifig no cuirfear as oifig é, déanfaidh an tUachtarán, ar chomhairle an Riaghaltais, duine do cheapadh chun an fho-fholúntais a bheidh tar éis tárlachtaint in oifig an chathaoirligh dá dhruim sin do líonadh, agus mara n-éagaidh, no mara n-eirighidh as oifig, no mara gcuirtear é as oifig, roimhe sin, beidh an té ceapfar amhlaidh i seilbh oifige ar feadh a mbeidh gan caitheamh den tréimhse do bheadh an cathaoirleach san, a bheidh tar éis éaga no tar éis eirghe as oifig no bheidh curtha as oifig (do réir mar a bheidh), i seilbh oifige dá mba ná héagfadh no ná heireodh sé as oifig no ná cuirfí é as oifig agus imeoidh an té ceapfar amhlaidh as oifig ansan, ach beidh sé ion-athcheaptha.

(2) Pé uair a déanfar ball ceaptha do cheapadh, fén mír dheiridh sin roimhe seo den Airteagal so, chun bheith ina chathaoirleach, is tuigthe é bheith tar éis eirghe as a oifig mar bhall cheaptha den tsórt san.

**Baill den Bhord Rialúcháin d'eirghe as oifig.**

9.—(1) Féadfaidh ball den Bhord Rialúcháin, nach Ollamh Sinsearach, eirghe as a oifig mar bhall den tsórt san, tráth ar bith, tré leitir do chur go dtí an Taoiseach chun í chur fé bhráid an Uachtaráin.



(4) Every quinquennial appointment of the chairman and of the appointed members of the Governing Board shall, in the case of the first such appointment, be made not later than the 31st day of March, 1945, and, in the case of every subsequent such appointment, not later than the relevant quinquennial anniversary of that date.

(5) The number of members of the Governing Board shall never be less than five nor more than twelve, and the number of appointed members shall never be less than the number of Senior Professors.

**Tenure of office of certain members of the Governnig Board.**

7.—(1) The chairman and every appointed member of the Governing Board appointed at the first appointment after the making of this Order shall, unless he sooner dies, resigns, or is removed, hold office from the date of his appointment until the 31st day of March, 1945, and shall be eligible for reappointment.

(2) Every chairman and every appointed member of the Governing Board appointed at a quinquennial appointment shall, unless he sooner dies, resigns, or is removed, hold office from the 1st day of April next after the date of his appointment until the next following quinquennial anniversary of the said 31st day of March, 1945, and shall be eligible for reappointment.

(3) Every appointed member appointed otherwise than at the first or a quinquennial appointment shall, unless he sooner dies, resigns, or is removed, hold office until (as the case may require) the 31st day of March, 1945, or the expiration of the quinquennial period during which he was appointed, and shall be eligible for reappointment.

**Casual vacancies in the office of chairman of the Governing Board.**

8.—(1) Whenever the chairman of the Governing Board dies, resigns, or is removed, a person shall be appointed by the President, on the advice of the Government, to fill the casual vacancy so occasioned in the office of chairman, and the person so appointed shall, unless he sooner dies, resigns, or is removed, hold office for the remainder of the period for which the chairman so dying, resigning, or being removed (as the case may be) would have held office if he had not died, resigned, or been removed and shall then retire, but shall be eligible for re-appointment.

(2) Whenever an appointed member is appointed under the next preceding paragraph of this Article to be the chairman, he shall be deemed to have resigned his office as such appointed member.

**Resignation of members of the Governing Board.**

9.—(1) A member of the Governing Board who is not a Senior Professor may at any time resign his office as such member by letter sent to the Taoiseach for submission to the President.

(2) Déanfaidh ball den Bhord Rialúcháin a bheidh ag eirghe as oifig fén Airteagal so cóip den leitir tré n-a mbeidh ag eirghe as oifig do chur go dtí an Bord Rialúcháin agus raghaidh a eirghe as oifig in éifeacht ón dáta do gheobhaidh an Clárathóir fógra ón Taoiseach á rá gur glacadh leis an eirghe as oifig sin.

(3) Ball den Bhord Rialúcháin a bheidh tar éis a chur in úil fén Airteagal so é bheith ag eirghe as oifig, féadfaidh, tráth ar bith roimh an eirghe as oifig sin do dhul in éifeacht fén mír dheiridh sin roimhe seo den Airteagal so, an t-eirghe as oifig sin do tharraing siar fé mar do chuir sé in úil é, le n-a n-áirmhítear cóip den tarraing siar san do chur go dtí an Bord Rialúcháin.

**Baill den Bhord Rialúcháin do chur as oifig.**

10.—(1) Féadfaidh an tUachtarán, ar chomhairle an Riaghaltais, aon bhall den Bhord Rialúcháin nach Ollamh Sinsearach do chur as oifig tráth ar bith.

(2) I gcás cathaoirleach an Bhúird Rialúcháin do bheith ina Ollamh Sinsearach, féadfar é chur as oifig an chathaoirligh fén Airteagal so gan dochar d'é do choimeád a oifige mar Ollamh Shinsearach.

(3) Scuirfidh gach Ollamh Sinsearach de bheith ina bhall den Bhord Rialúcháin ar é do scur de bheith ina Ollamh Shinsearach, ach beidh sé incheaptha tráth ar bith ina dhiaidh sin mar bhall cheaptha den Bhord Rialúcháin.

**Ollamhain Sinsearacha do cheapadh agus do chur as oifig.**

11.—(1) Isé an tUachtarán a dhéanfaidh na hOllamhain Sinsearacha do cheapadh agus do chur as oifig, agus is ar chomhairle an Riaghaltais a dhéanfaidh san.

(2) Is dleathach don Bhord Rialúcháin tairgsint do chur fé bhráid an Aire, tráth ar bith, á mholadh duine áirithe a hainmneofar do cheapadh chun bheith ina Ollamh Shinsearach, no á mholadh Ollamh Sinsearach áirithe do chur as oifig.

(3) Gach tairgsint a chuirfidh an Bord Rialúcháin fé bhráid an Aire fén mír dheiridh sin roimhe seo den Airteagal so, cuirfidh an tAire os cóir an Riaghaltais í agus breithneoidh an Riaghaltas an tairgsint sin.

(4) Ní déanfar Ollamh Sinsearach ar bith do chur as a oifig contrárdha do sna téarmaí ar ar ceapadh chun na hoifige sin é.

**Sealbhaíocht oifige, etc., Ollamhan Sinsearach.**

12.—(1) Is mar a chinnfidh an Riaghaltas o am go ham, go generálta no alos aon Ollamhan Shinsearaigh áirithe, agus ar mholadh an Aire agus le haontú an Aire Airgeadais, a bheidh líon agus tuarastail agus sealbhaíocht oifige, agus coinníollacha eile seirbhíse, na nOllamhan Sinsearach.

(2) Ní déanfar an tuarastal gur air ná an tsealbhaíocht oifige gur dá réir ná na coinníollacha seirbhíse gur ortha bheidh Ollamh Sinsearach ceaptha d'atharú le linn a théarma oifige gan é do thoiliú chuige sin.



(2) A member of the Governing Board who resigns under this Article shall send to the Governing Board a copy of his letter of resignation, and his resignation shall take effect as from the date of the receipt by the Registrar from the Taoiseach of a notification that such resignation had been accepted.

(3) A member of the Governing Board who has resigned under this Article may, at any time before such resignation takes effect under the next preceding paragraph of this Article, withdraw such resignation in the like manner as such resignation was made, including the sending of a copy of such withdrawal to the Governing Board.

**Removal of members of the Governing Board.**

10.—(1) The President, on the advice of the Government, may at any time remove any member of the Governing Board who is not a Senior Professor.

(2) Where the chairman of the Governing Board is a Senior Professor, he may be removed under this Article from the office of chairman without prejudice to his retention of office as a Senior Professor.

(3) Every Senior Professor shall cease to be a member of the Governing Board on his ceasing to be a Senior Professor, but shall be eligible at any time thereafter for appointment as an appointed member of the Governing Board.

**Appointment and removal of Senior Professors.**

11.—(1) The Senior Professors shall be appointed and removed by the President on the advice of the Government.

(2) The Governing Board may at any time submit to the Minister a proposal for the appointment of a named person to be a Senior Professor or for the removal from office of a particular Senior Professor.

(3) Every proposal submitted under the next preceding paragraph of this Article by the Governing Board to the Minister shall be brought before the Government by the Minister and shall be considered by the Government.

(4) No Senior Professor shall be removed from his office in contravention of the terms on which he was appointed thereto.

**Tenure of office, etc., of Senior Professors.**

12.—(1) The numbers, salaries, tenure of office, and other conditions of service of the Senior Professors shall be such as the Government, on the recommendation of the Minister with the concurrence of the Minister for Finance, shall from time to time determine either generally or in respect of any particular Senior Professor.

(2) The salary, tenure of office, and conditions of service at and on which a Senior Professor is appointed shall not be altered without his consent during his term of office.

(3) Féadfaidh Ollamh Sinsearach eirghe as a oifig tré leitir do chur go dtí an Taoiseach chun í chur fé bhráid an Uachtaráin, agus raghaidh a eirghe as oifig in éifeacht ón dáta do gheobhaidh an Chlárathóir fógra ón Taoiseach á rá gur glacadh leis an eirghe as oifig sin.

**ruinnithe gus nós neachta n Bhúird ialúchain.**

13.—(1) Beidh ag an mBord Rialúcháin na cruinnithe sin agus an méid sin cruinnithe is gá, agus san na tráthanna is gá, chun a bhfeidhmeanna agus a ndualgaisí do chólíonadh go cuibhe.

(2) Déanfar gach ceist ag cruinniú den Bhord Rialúcháin do shocrú le móráireamh de vótanna na mball a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist agus, i gcás có-ionannas vótanna, beidh an dara vóta no vóta réitigh ag cathaoirleach an Bhúird Rialúcháin, no ag cathaoirleach an chruinnithe sin i gcás gan cathaoirleach an Bhúird Rialúcháin do bheith i láthair.

(3) Isé is quorum do chruinniú den Bhord Rialúcháin ná an tslán-uimhir is lugha ná beidh fé bhun leath na huimhreach is líon do bhaill an Bhúird Rialúcháin.

(4) Is dleathach don Bhord Rialúcháin gníomhú d'ainneoin folúntas no folúntaisí do bheith ina mballraíocht.

(5) Féadfaidh an Bord Rialúcháin, fé réir forálacha an Orduithe seo, tráthanna a gcruinnithe agus modh gairmthe na mball chucha, maraon leis an nós imeachta bheidh le leanúint agus leis an ngnó bheidh le déanamh ag na cruinnithe sin, do rialáil le buan-orduithe no eile.

**tiúrthóir a Scoile.**

14.—(1) Déanfaidh an Bord Rialúcháin o am go ham, fé mar is gá é, duine de sna hOllamhain Sinsearacha do cheapadh chun bheith ina Stiúrthóir ar an Scoil.

(2) Beidh na comhachta uile sin ag Stiúrthóir na Scoile do bhéarfar dó, agus cólíonfaidh na dualgaisí uile sin a forchuirfear air, ag an mBord Rialúcháin, no le rialacháin na hInstitiúide, o am go ham agus, go sonnrách, beidh comhacht aige chun scéimeanna, ina ndéanfar obair do leagadh amach, chun a déanta sa Scoil ag na Ollamhain Sinsearacha maraon le fuirinn acadamhúil na Scoile, do chur le chéile agus do chur fé bhráid an Bhúird Rialúcháin chun iad san dá gceadú, agus fós comhacht chun feidhmiú aon scéime den tsórt san a cheadóidh an Bord Rialúcháin do stiúradh.

(3) Is dleathach don Bhord Rialúcháin Stiúrthóir na Scoile do chur as a oifig mar Stiúrthóir den tsórt san tráth ar bith gan dochar d'é do choimeád a oifige mar Ollamh Shinsearach.

(4) Féadfaidh Stiúrthóir na Scoile, tráth ar bith, eirghe as a oifig mar Stiúrthóir den tsórt san gan eirghe as a oifig mar Ollamh Shinsearach.

(5) Má scuireann Stiúrthóir na Scoile de bheith ina Ollamh Shinsearach scuirfe sé de bheith ina Stiúrthóir ar an Scoil.



(3) A Senior Professor may resign his office by letter sent to the Taoiseach for submission to the President, and his resignation shall take effect as from the date of the receipt by the Registrar of a notification from the Taoiseach that his resignation has been accepted.

**Meetings and procedure of the Governing Board.**

13.—(1) The Governing Board shall hold such and so many meetings and at such times as may be necessary for the proper performance of its functions and duties.

(2) Every question at a meeting of the Governing Board shall be determined by a majority of the votes of the members present and voting on the question, and in the case of an equal division of votes, the chairman of the Governing Board or, if he is not present, the chairman of such meeting shall have a second or casting vote.

(3) The quorum for a meeting of the Governing Board shall be the least whole number which is not less than half the membership of the Governing Board.

(4) The Governing Board may act notwithstanding one or more vacancies in its membership.

(5) Subject to the provisions of this Order, the Governing Board may regulate by standing orders or otherwise the times of and mode of summoning its meetings and the procedure to be observed and the business to be transacted at its meetings.

**The Director of the School.**

14.—(1) The Governing Board shall from time to time as occasion requires appoint one of the Senior Professors to be Director of the School.

(2) The Director of the School shall have all such powers and duties as shall be from time to time conferred or imposed on him by the Governing Board or by the regulations of the Institute, and, in particular, he shall have power to draw up and submit for the approval of the Governing Board schemes of work to be done in the School by the Senior Professors and academic staff thereof, and, if the Governing Board approves of any such scheme, to supervise the execution thereof.

(3) The Governing Board may at any time remove the Director of the School from his office as such Director without prejudice to his retaining his office as a Senior Professor.

(4) The Director of the School may at any time resign his office as such Director without resigning his office as a Senior Professor.

(5) If the Director of the School ceases to be a Senior Professor he shall cease to be Director of the School.

(6) Mara n-éagaidh, no mara n-eirighidh as oifig mar Stiúrthóir ar an Scoil no mara gcuirtear é as an oifig sin, no mara scuiridh de bheith ina Ollamh Shinsearach, roimhe sin, beidh gach Ollamh Sinsearach a ceapfar chun bheith ina Stiúrthóir ar an Scoil i seilbh oifige mar Stiúrthóir den tsórt san go ceann trí mblian o dháta a cheaptha ach beidh sé ion-athcheaptha i ngach cás.

ill den uirinn adamhúil cheapadh rus do chur oifig.

15.—(1) Beidh éifeacht ag na forálacha so leanas maidir leis na hollamhain, na hollamhain chuarta, na congantóirí, na hoibritheoirí taighde, agus na baill eile d'fhuirinn acadamhúil na Scoile, sé sin le rá :—

(*a*) beidh líon agus luach saothair agus sealbhaíocht oifige agus coinníollacha fostaíochta ball fuirinne acadamhúla na Scoile mar a chinnfidh an Bord Rialúcháin o am go ham le ceadú an Aire ar n-a thabhairt le haontú an Aire Airgeadais ;

(*b*) pé uair a mholfaidh an Bord Rialúcháin duine áirithe do cheapadh chun puist ar fhuirinn acadamhúil na Scoile, cuirfid an moladh san, maraon le hainm an duine sin agus mion-innste oiriúnacha eile ina thaobh, fé bhráid an Aire ;

(*c*) is cead don Bhord Rialúcháin, i gcás an tAire d'aontú leis an moladh san, a iarraidh ar Chomhairle na hInstitiúide an duine sin do cheapadh do réir an mholta san ;

(*d*) pé uair a mholfaidh an Bord Rialúcháin ball inphinsin lán-aimsire d'fhuirinn acadamhúil na Scoile do chur as a oifig cuirfid an moladh san, maraon leis na fáthanna bheidh aca leis, fé bhráid an Aire ;

(*e*) is cead don Bhord Rialúcháin, i gcás an tAire d'aontú leis an moladh san, a iarraidh ar Chomhairle na hInstitiúide an ball san do chur as a oifig do réir an mholta san ;

(*f*) is cead don Bhord Rialúcháin a iarraidh ar Chomhairle na hInstitiúide aon duine áirithe, is ball sealadach no páirt-aimsire d'fhuirinn acadamhúil na Scoile, do chur as oifig, agus cuirfidh an Chomhairle an ball san as a oifig i gcás san d'iarraidh ortha ;

(*g*) ní cead don Bhord Rialúcháin féin aon bhall d'fhuirinn acadamhúil na Scoile do cheapadh ná aon bhall den tsórt san do chur as oifig.

(2) San Airteagal so ní fholuíonn an abairt " fuireann acadamhúil na Scoile " Ollamh Sinsearach.

Mic léighinn do ghlacadh isteach sa Scoil agus do chur amach aisti.

16. Is cead don Bhord Rialúcháin mac léighinn ar bith do ghlacadh isteach, fé réir na gcoinníollacha san is oiriúnach leo d'fhorchur, chun staidéar no taighde do dhéanamh sa Scoil agus is cead dóibh aon mhac léighinn den tsórt san do chur amach as an Scoil tráth ar bith más ceart san dar leo.



(6) Every Senior Professor appointed to be the Director of the School shall, unless he sooner dies, resigns' or is removed from that office, or ceases to be a Senior Professor, hold office as such Director for three years from the date of his appointment, but shall in every case be eligible for reappointment.

Appointment and removal of members of the academic staff.

15.—(1) The following provisions shall have effect in relation to the professors, visiting professors, assistants, research workers, and other members of the academic staff of the School, that is to say :—

(*a*) the numbers, remuneration, tenure, and conditions of employment of the members of the academic staff of the School shall be such as shall from time to time be determined by the Governing Board with the approval of the Minister and the concurrence of the Minister for Finance ;

(*b*) whenever the Governing Board propose that a particular person should be appointed to a position on the academic staff of the School, they shall inform the Minister of such proposal and of the name and other relevant particulars of the said person ;

(*c*) if the Minister approves of such proposal, the Governing Board may request the Council of the Institute to appoint the said person in accordance with such proposal ;

(*d*) whenever the Governing Board propose that a pensionable, whole-time member of the academic staff of the School should be removed from his office, they shall inform the Minister of such proposal and of the reasons therefor ;

(*e*) if the Minister approves of such proposal, the Governing Board may request the Council of the Institute to remove the said member in accordance with such proposal ;

(*f*) the Governing Board may request the Council of the Institute to remove from office any temporary or part-time member of the academic staff of the School and the Council shall, if so requested, remove such member from his office ;

(*g*) the Governing Board shall not themselves appoint any member of the academic staff of the School or remove from office any such member.

(2) In this Article, the expression " the academic staff of the School " does not include a Senior Professor.

Admission and dismissal of students.

16. The Governing Board may, subject to such conditions as they think fit to impose, admit any student to study or carry on research in the School and may, at any time, if they so think proper, dismiss any such student from the School.

Léigheachtaí do thabhairt.

17.—(1) Beidh sé de dhualgas ar an mBord Rialúcháin socrú do dhéanamh chun go dtabharfar léigheachtaí puiblí o am go ham i dtaobh ní no nithe aca san is abhar staidéir no taighde de thurus na huaire sa Scoil no fé údarás na Scoile.

(2) Beidh sé de dhualgas ar an mBord Rialúcháin a thabhairt go scríobhfaidh Clárathóir na Scoile go dtí Clárathóir Choláiste na hOllscoile, Baile Atha Cliath, agus do dtí Clárathóir Choláiste na Tríonóide, Baile Atha Cliath, á iarraidh ar údarás na gColáistí sin a cheadú go ndéanfaí léigheacht phuiblí no léigheachtaí puiblí, i dtaobh abhar no brainsí eolais go mbeidh staidéar no taighde á dhéanamh ina dtaobh sa Scoil no fé údarás na Scoile, do thabhairt, gach re bliain, i gColáiste na hOllscoile, Baile Atha Cliath, agus i gColáiste na Tríonóide, Baile Atha Cliath, agus, má gheibhtear an cead san, beidh sé de dhualgas ar Stiúthóir na Scoile gach ní do dhéanamh is gá dhó san chun go dtabharfar na léigheachtaí puiblí sin dá réir sin.

Scoláireachtaí.

18.—(1) I gcás Comhairle na hInstitiúide do chur scoláireachta ar fáil fé alt 22 den Acht chun a sealbhuithe sa Scoil, beidh sé de dhualgas ar an mBord Rialúcháin rialacháin do dhéanamh agus d'fhoillsiú (le ceadú na Comhairle) ag ordú na dtéarmaí ar a mbeidh an scoláireacht san le fáil agus na gcoinníollacha ar a mbeidh sé le sealbhú sa Scoil, agus fós socrú do dhéanamh, do réir na rialachán san, chun an duine do roghnú ag á mbeidh an scoláireacht san le fáil.

(2) Gach scoláireacht do gheobhaidh duine fén Airteagal so, sealbhóidh an duine sin í sa Scoil do réir na rialachán ag ordú coinníollacha a sealbhuithe sa Scoil, agus má dheineann an duine sin, le linn é do shealbhú na scoláireachta san, na rialacháin sin do shárú in aon tslí, is cead don Bhord Rialúcháin an sárú san do chur in úil do Chomhairle na hInstitiúide agus is cead don Chomhairle deireadh do chur, as a gcomhairle féin, leis an scoláireacht san do bheith le fáil ag an duine sin.

Staidéarachtaí.

19.—(1) Is cead don Bhord Rialúcháin socrú do dhéanamh, le ceadú na Comhairle, chun staidéaracht a bheidh le sealbhú sa Stát no lasmuich dhe do bheith le fáil ag mac léighinn ar bith den Scoil go mbeidh a shaothar fiúntach a dhóthain chuige sin, dar leis an mBord Rialúcháin, agus a dhéanfaidh ina theannta san do réir na dtéarmaí bheidh ceaptha ag an mBord Rialúcháin i dtaobh na staidéarachta do bheith le fáil.

(2) Pé uair a dhéanfaidh an Bord Rialúcháin socrú fén Airteagal so chun staidéaracht do bheith le fáil, déanfaid na téarmaí ar a mbeidh an staidéaracht le fáil agus coinníollacha a sealbhuithe do luadh agus, go sonnrách, luadhfaid an tír no na tíortha ina mbeidh an staidéaracht le sealbhú agus fós cad chuige go bhfuiltear chun í chur ar fáil.

(3) Má dheineann mac léighinn ar bith do gheobhaidh staidéaracht fén Airteagal so sárú in aon tslí ar na coinníollacha bheidh luaidhte ag an mBord Rialúcháin maidir le n-a sealbhú, is cead don Bhord Rialúcháin deireadh do chur, as a gcomhairle féin, leis an staidéaracht do bheith le fáil ag an mac léighinn sin.



Delivery of lectures.

17.—(1) It shall be the duty of the Governing Board to organise the delivery from time to time of public lectures on one or more of the matters which are for the time being the subject of study or research in or under the authority of the School.

(2) It shall be the duty of the Governing Board to cause communications to be sent by the Registrar of the School to the Registrar of University College, Dublin, and to the Registrar of Trinity College, Dublin, inviting the concurrence of the authorities of those Colleges in the delivery in alternate years in University College, Dublin, and Trinity College, Dublin, of one or more public lectures on subjects or branches of knowledge in respect of which study or research is being carried on in or under the authority of the School, and, in the event of such concurrence being obtained, it shall be the duty of the Director of the School to take such steps as may be requisite on his part for the delivery of such public lectures accordingly.

Scholarships.

18.—(1) Where a scholarship is provided by the Council of the Institute under section 22 of the Act to be held in the School, it shall be the duty of the Governing Board (with the approval of the Council) to make and publish regulations prescribing the terms for the award of such scholarship, and the conditions for the tenure thereof in the School, and to provide, in accordance with such regulations, for the selection of a person to whom such scholarship shall be awarded.

(2) Every scholarship awarded to a person under this Article shall be held by such person in the School in accordance with the regulations prescribing the conditions for the tenure thereof in the School, and if, during his tenure thereof, such person in any way contravenes such regulations, the Governing Board may notify such contravention to the Council of the Institute and the Council may in their discretion, discontinue the award of such scholarship to such person.

Studentships.

19.—(1) The Governing Board may, with the approval of the Council, provide for the grant of a studentship to be held either in or outside the State to any student of the School whose work reaches, in the opinion of the Governing Board, a sufficiently high standard and who otherwise complies with the terms fixed by the Governing Board for the grant of the studentship.

(2) Whenever the Governing Board make provision under this Article for the grant of a studentship, they shall specify the terms for the grant of the studentship and the conditions governing the tenure thereof, and in particular shall state the country or countries in which the studentship shall be held, and the purpose which it is desired to effect by the grant thereof.

(3) If any student to whom a studentship is granted under this Article contravenes in any way the conditions specified by the Governing Board for the tenure thereof, the Governing Board may, in their discretion, discontinue the award of the studentship to that student.

Tuarasgabháil bhliantúil ón mBord Rialúcháin.

20. Déanfaidh an Bord Rialúcháin gach bliain, ar an 31adh lá de Mhí na Nodlag, no roimhe sin, tuarasgabháil, ar obair na Scoile in aghaidh na bliana airgeadais dar chríoch an 31adh lá de Mhárta díreach roimhe sin, do chur fé bhráid Chomhairle na hInstitiúide.

L.S.

Ar n-a thabhairt fé Shéala Oifigiúil an Riaghaltais, an 18adh lá so de Dheire Fómhair, 1940.

EAMON DE VALERA,
Taoiseach.



20. The Governing Board shall, on or before every 31st day of December, submit to the Council of the Institute a report of the work of the School for the financial year ending on the next preceding 31st day of March.

Annual report by the Governing Board.

L.S.

Given under the Official Seal of the Government, this 18th day of October, 1940.

EAMON DE VALERA,
Taoiseach.

Wt. —/A450. 500. 12/40. C.&Co. (6987.) G. 16.